

Gníomhaíocht OSIE – Eolaíocht

Ceapadh an acmhainn seo agus í bunaithe ar fhíseán Sheachtain Food Dudes, leibhéal sinsearach, lá 2. Nascann an acmhainn seo leis an gcuraclam Eolaíochta le haghaidh grúpaí ranga i Rang a Cúig agus Rang a Sé.

Nascann an ghníomhaíocht seo leis na réimsí curaclaim a leanas:

OSIE > Eolaíocht > Dúile beo > An bheatha dhaonna

Teachtairacht an Fhíseáin: Baineann an físeán seo le feirmeoireacht agus cothaithe.

Na Príomhthorthaí Foghlama:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste i Rang a Cúig agus Rang a Sé...


- ✔ Tuisint shimplí a fhorbairt ar struchtúr cuid de phríomhbhaill inmheánacha an choirp

Gníomhaíocht na Colainne Daonna:

Nóta don mhúinteoir: Nasc chuig físeán den amhrán The Human Body Song https://www.youtube.com/watch?v=bRkuwTq1nmQ&ab_channel=BOOBOOGAGA



Orgáin an Choirp



Is leis an orgán seo a bhímid ag smaoineamh, a airímid mothúcháin, a dhéanaimid cinntí, agus a rialaímid an chuid eile den chorp.

Tá ceithre urrann san orgán seo, agus pumpáiltear an fhuil tríd an orgán seo agus ansin timpeall ar an gcorp. Tugtar an méadailín ar chlé, an méadailín ar dheis, an t-aitriam ar chlé agus an t-aitriam ar dheis ar na ceithre urrann sin.

Bímid ag anáil leis an orgán seo. Tugann sé ocsaigin isteach inár gcorp (ar a dtugtar ionanáil, nó tarraingt isteach anála) agus cuireann sé dé-ocsaíd charbóin amach (ar a dtugtar easanáil, nó anáil amach).

Stóráilann an t-orgán seo bia agus briseann síos é.

Clúdaíonn an t-orgán seo gach rud taobh istigh de do chorp agus cosnaíonn iad.

Scagann an t-orgán seo an fhuil agus baineann sé an dramhaíl ar fad as an bhfuil.

Breathnaíonn an t-orgán seo cosúil le feadán fada. Cabhraíonn sé le bia a bhriseadh síos ionas gur féidir leis an gcorp é a úsáid le haghaidh fuinnimh. Baineann sé dramhaíl as an gcorp freisin.

